An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE for teachers

# Nuatheangacha Iasachta

Cabhrú le Rannpháirtíocht na Scoláirí i Seomra Ranga NTI

CC BY NC

Ionad Oideachais Mhuineacháin

An Roinn Oideachais
Department of Education

## Leagan Amach an Lae

9:30 go 11:00 - Seisiún 1

11:00 go 11:20 - Caife

11:20 go 13:00 - Seisiún 2

13:00 go 14:00 – Sos Lóin

14:00 go 15:30 - Seisiún 3




## Conas Tairbhe a Bhaint as an Lá Inniu

**Chat Comhrá**

Beidh ócáidí i rith an lae nuair a iarrfaimid ort an fheidhm chomhrá a úsáid.

**Ceamara Gréasáin**

Ba mhaith linn a iarraidh ort, más féidir, an ceamara a chur ar siúl.

**Micreafón**

Múchaigí bhur gcuid micreafón i rith an lae.



**Suíomh Google**

Bain úsáid as ár Suíomh Google le haghaidh leideanna agus naisc chuig gach acmhainn.

## Seisiún 1

*Rannpháirtíocht na Scoláirí: Torthaí Foghlama a Úsáid*

### Leagan Amach an tSeisiúin

**09:30 go 10:00** – Cur in Aithne agus Táithí a Fháil ar Zoom (Grúpa Iomlán)

**10:00 go 10:15** – Gníomhaíocht Chur in Aithne (Seomra ar an Imeall)

**10:15 go 10:30** - Machnamh á dhéanamh ar na Téacsanna seo trí Mheán na dTorthaí Foghlama (Grúpa Iomlán)

**10:30 go 11:00** - Ag Breathnú ar Shamplaí Oibre (Seomra ar an Imeall)

**11:00 go 11:20 – *Briseadh Caife***

### Cur in Aithne agus Táithí a Fháil ar Zoom (9:30 go 10:00 – Grúpa Iomlán)

Lean na leideanna ar an gCur i Láthair CumhachtPhointe.







Notaí:

### Ag Obair le Téacsanna (10:00 go 10:15 - Seomra ar an Imeall)

Sa Seomra Ar an imeall...

- Cuirigí sibh féin in aithne.
- Bunaígí róil don ghrúpa.
- Déanaigí an ghníomhaíochtaí chur in aithne.



## Gníomhaíocht Fraincise

- Cliceáil ar an nasc chun gach téacs a nochtadh.
- I d’aonar, smaoinigh ar gach téacs agus pléigh le do ghrúpa cad é a nascann na trí théacs seo.

Article | Vidéo | Audio

## Gníomhaíocht Gearmáinise

- Cliceáil ar an nasc chun gach téacs a nochtadh.
- I d’aonar, smaoinigh ar gach téacs agus pléigh le do ghrúpa cad é a nascann na trí théacs seo.

Artikel | Hörbeispiel | Lied

## Gníomhaíocht Iodáilise

- Cliceáil ar an nasc chun gach téacs a nochtadh.
- I d’aonar, smaoinigh ar gach téacs agus pléigh le do ghrúpa cad é a nascann na trí théacs seo.

Article | Video | Blog

## Gníomhaíocht Spáinnise

- Cliceáil ar an nasc chun gach téacs a nochtadh.
- I d’aonar, smaoinigh ar gach téacs agus pléigh le do ghrúpa cad é a nascann na trí théacs seo.

Vídeo | Página Web | Artículo

Notaí:

## Machnamh á dhéanamh ar na Téacsanna seo trí Mheán na dTorthaí Foghlama (10:15 go 10:30 - Grúpa Iomlán)

- Déan machnamh ar na téacsanna a raibh baint agat leo le linn na gníomhaíochta roimhe seo.
- Smaoinigh ar na torthaí foghlama ó Shnáithe 3.
- Cén toradh foghlama ó shnáithe 3 a nascann na téacsanna seo?

Notaí:

***Snáithe 3: Eolas Soch-chultúrtha agus Feasacht Idirchultúrtha***

***Sa snáithe seo faigheann an scoláire eolas cultúrtha ar an spriocthír/na spriocthíortha agus spreagtar é le comparáid a dhéanamh idir cultúir eile agus a chultúr féin.***

3.1 roinnt gnéithe de thír/thíortha na sprioctheanga, amhail gnéithe geografacha, an aimsir, áiteanna agus sainchomharthaí agus bia, a ainmniú agus cur síos a dhéanamh orthu

3.2 fíricí agus figiúirí a bhaineann le tír/tíortha na sprioctheanga a aimsiú agus a úsáid, mar shampla, sonraí staitistiúla, féilte, aireagáin, daoine cáiliúla

3.3 machnamh a dhéanamh ar cad atá foghlamtha acu faoin tír/tíortha a bhaineann leis an sprioctheanga

3.4 roinnt gnéithe de thír/thíortha na sprioctheanga a shainaithint agus a mhíniú i réimsí amhail an saol laethúil, caidreamh idirphearsanta, gnásanna agus iompraíochtaí, gnásanna sóisialta

3.5 steiréitíopaí coitianta faoin sprioc-chultúr/faoi na sprioc-chultúir, a chuid féin san áireamh, a shainaithint agus machnamh a dhéanamh orthu, agus a mhíniú an bhfuil a dhearcadh i leith na spriocthíre/na spriocthíortha ag forbairt nó nach bhfuil agus, má tá, conas atá an dearcadh sin ag forbairt

3.6 faisnéis a roghnú, a phróiseáil agus a chur i láthair ach teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go cuí agus fírinne agus iontaofacht na faisnéise sin a mheasúnú

3.7 cosúlachtaí agus difríochtaí a anailísiú i dtaca le saol a phiaraí i dtír/ dtíortha na sprioctheanga i réimsí den saol laethúil amhail an scoil, an saol sóisialta, spórt, nósanna bia

3.8 comparáid a dhéanamh idir gnéithe lena mbaineann spéis phearsanta i dtír/dtíortha na sprioctheanga agus na gnéithe sin ina thír féin, iad a chur i gcodarsnacht le chéile, agus iad a chur i láthair ach meáin éagsúla a úsáid

Notaí:

3.9 léirthuiscint a ghnóthú ar an gcaoi a dtéann difríochtaí cultúrtha i bhfeidhm ar chaidreamh sóisialta, ar nós beannachtaí agus béilí a ithe le chéile

3.10 comparáid a dhéanamh idir úsáid uimhreacha i dtír/dtíortha na sprioctheanga agus úsáid uimhreacha ina thír féin, agus iad a chur i gcodarsnacht lena chéile maidir le topaicí coitianta amhail praghsanna, aois, dátaí, séasúir

## **Ag Breathnú ar Shamplaí Oibre** (10:30 go 11:00 – Seomra ar an Imeall)

### Sa Seomra Ar an Imeall...

- Socraígí róil don ghrúpa (urlabhraí agus maor ama)
- Leanaigí na leideanna thíos.




De réir mar a chaitheann tú súil ar an mballa Padlet don teanga chuí, smaoinigh ar na ceisteanna seo a leanas *i d'aonar* sula bpléitear iad i do ghrúpa ar an Imeall i ndiaidh an chaife:

Cé chomh maith agus a léiríonn sampla an scoláire a gcuid foghlama maidir leis an toradh foghlama sonraithe?

Notaí:

Conas a d'fhéadfaí an toradh foghlama seo a fhorbairt tuilleadh:

- sa 1ú bhliain?

- sa 2ú bliain?

- sa 3ú bliain?

Notaí:



*Briseadh Caife*

**11:00 - 11:20**





## Seisiún 2

*Rannpháirtíocht na Scoláirí: Ionchais a Phlé*

### Leagan Amach an tSeisiúin

**11:20 go 11:35** – Ócáid Aiseolais agus Chomhroinnte

**11:35 go 11:40** - Ionchais a Phlé (Grúpa Iomlán)

**11:40 go 12:05** - Ionchais a Phlé (Seomra ar an Imeall)

**12:05 go 12:15** - Ócáid Chomhroinnte

**12:15 go 12.20 - *Sos chun Síneadh***

**12:20 go 13:00** - Téacsanna a Shaothrú

**13:00 go 14:00 - *Sos Lóin***

### Fáilte ar ais

### Ócáid Chomhroinnte (11:20 go 11:35 - Grúpa Iomlán)

Tabharfaidh bhur n-urlabhraí achoimre ar phlé bhur ngrúpa don ghrúpa iomlán.

- Cé chomh maith agus a léiríonn sampla an scoláire a gcuid foghlama maidir leis an toradh foghlama sonraithe?
- Conas a d'fhéadfaí an toradh foghlama seo a fhorbairt tuilleadh?

- Conas a d'fhéadfá plé leis an toradh foghlama seo i do sheomra ranga?

Notaí:

## **Ionchais a Phlé** (11:35 go 12:40 - Grúpa Iomlán)

Cad é a chabhraíonn leat agus ionchais á bplé?

| Notaí: |
| --- |
| |

## **Ionchais a Phlé** (11:40 go 12:05 – Seomra ar an Imeall)

---

*Agus ár n-ionchais maidir le foghlaim na scoláirí pléite againn ag céimeanna éagsúla de NTI na Sraithe Sóisearaí, déanfaimid iniúchadh anois ar acmhainn a d'fhéadfadh cabhair bhreise a thabhairt duit.*

---




Sa Seomra Ar an Imeall...

- Socraígí róil don ghrúpa (urlabhraí agus maor ama).
- Leanaigí na leideanna thíos.

*I d'aonar*, smaoinigh ar ghnéithe cáilíochtúla na teanga labhartha agus scríofa ag leibhéal A1-A2.

| Notaí: |
| --- |
| |

*Mar ghrúpa*, pléigh conas a chabhródh an acmhainn seo leat féin agus le do chomhghleacaithe NTI ionchais a phlé.

| Notaí: |
|---|
| |

Tar éis na gnéithe cáilíochtúla a phlé, smaoinigh anois conas is féidir le greille féinmheasúnaithe CTET cabhrú le scoláirí monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn féin.

Greille Féinmheasúnaithe Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET)

| Notaí: |
|---|
| |

Roinn do chuid smaointe leis an ngrúpa.

## **Ócáid Chomhroinnte** (12:05 go 12:15 - Grúpa Iomlán)

Comhroinn léargas amháin a phléigh tú i do sheomra ar an Imeall.

## **Sos chun Síneadh** (5 nóim)

## **Foinse Fuinnimh** (Grúpa Iomlán)

Lean na leideanna ar an gCur i Láthair CumhachtPhointe.






# Téacsanna a Shaothrú (12:20 go 13:00 - Seomra ar an Imeall)

*Gníomhaíochtaí agus tascanna a chruthú chun cabhrú leis na scoláirí dul i ngleic le téacsanna barántúla*




Sa Seomra ar an Imeall...

- Déantar an róil a athshocrú don ghrúpa (maor ama, duine éigin chun an ghníomhaíocht a phostáil chuig Padlet).
- Leanaigí na leideanna thíos.

## Céim 1: Gníomhaíochtaí agus Tascanna a Phlé (10 nóim)

- Mar ghrúpa, déanaigí athmhachnamh ar an téacs seo a bhí againn ar maidin
- Pléigí conas a d'fhéadfaí gníomhaíochtaí agus tascanna a úsáid, cosúil leis na cinn a bhfuil cur síos orthu i dtorthaí foghlama shnáithe 1 agus 2 (ar fáil thíos), chun leas a bhaint as an téacs seo

Téacs Iodáilise | Téacs Fraincise | Téacs Gearmáinise | Téacs Spáinnise

Notaí:

**_Snáithe 1: Cumas Cumarsáide_**

**_Sa snáithe seo glacann an scoláire páirt i ngníomhaíochtaí agus i dtascanna teanga lena mbaineann na scileanna comhtháite teanga seo: éisteacht, léitheoireacht, labhairt, idirghníomhú cainte agus scríbhneoireacht._**

| Éisteacht | Léitheoireacht | Labhairt | Idirghníomhú cainte | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|---|---|
| 1.1 topaic ghinearálta an chomhrá a shainaithint i dtopaicí coitianta nuair a chuirtear in iúl í go soiléir<br>1.2 focail agus frásaí atá bainteach | 1.5 an bhrí atá le focail choitianta agus le frásaí coitianta a aithint, lena n-áirítear comharthaí agus fógraí laethúla in áiteanna poiblí | 1.9 focail a fhuaimniú le dóthain cruinnis agus le tuin chainte chuí ionas go dtuigfear é<br>1.10 tuairiscí, cuir i láthair nó fógraí simplí ar thopaicí | 1.11 idirghníomhú i ngnáth-chomhráite le fuaimniú agus le tuin chainte atá soiléir go leor ionas go dtuigfear é agus le teanga neamhbhriathartha chuí | 1.17 focail a scríobh agus abairtí gearra a chruthú go cruinn ar thopaicí laethúla ach meáin éagsúla (ríomhphoist, litreacha, blaganna, cártaí poist…) a úsáid |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| le réimsí tábhachtacha agus taithí láithrí agus a úsáidtear go minic a aithint, lena n-áirítear an teanga a úsáidtear i ngnáth-idirghníomhaíocht sa seomra ranga<br>1.3 faisnéis shonrach a shainaithint i dtéacsanna a bhaineann le topaicí coitianta amhail fógraí, comhráite, míreanna simplí nuachta<br>1.4 spreagthaí fuaime ar nós amhrán, comhráite agus fógrán a fhoinsiú, a roghnú agus a chomhroinnt trí theicneolaíochtaí digiteacha cuí | 1.6 an bhrí ghinearálta atá le téacs ar thopaicí coitianta a thuiscint<br>1.7 faisnéis shonrach a shainaithint i raon téacsanna ina ndéileáiltear le topaicí coitianta<br>1.8 téacsanna dílse a fhoinsiú agus a úsáid chun topaicí ábhartha a fhiosrú trí raon meán | coitianta a chur in iúl | 1.12 leaganacha múinte simplí, amhail beannachtaí, buíochas agus cur in aithne, a úsáid i gcásanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, agus freagairt go cuí dóibh<br>1.13 ceisteanna a chur agus a fhreagairt, agus smaointe, mothúcháin agus faisnéis a mhalartú ar thopaicí coitianta i gcúrsaí laethúla<br>1.14 uimhreacha a thuiscint agus iad a úsáid de réir mar is cuí i gcúrsaí laethúla, amhail siopadóireacht, uimhreacha a mhalartú, eachtraí a chur in ord<br>1.15 páirt a ghlacadh i ngnáth-idirghníomhaíocht sa seomra ranga amhail obair i mbeirteanna agus obair ghrúpa, ceisteanna a chur, páirt a ghlacadh i gcluichí agus i ngníomhaíochtaí teanga, cabhair agus athrá a iarraidh nuair is gá<br>1.16 cumarsáid a dhéanamh le daoine eile ó bhéal ach teicneolaíochtaí digiteacha ar nós na meán sóisialta a úsáid | 1.18 sraith frásaí agus abairtí atá ceangailte le nascóirí simplí amhail ach, agus, nó, mar a scríobh<br>1.19 téacsanna a chruthú5 faoi ghnéithe dá shaol agus faoi thopaicí a bhfuil spéis aige iontu, amhail teaghlach agus cairde, an scoil, laethanta saoire, gníomhaíochtaí fóillíochta, faisean, spórt, daoine mór le rá<br>1.20 tuairiscí gearra a scríobh faoi imeachtaí, faoi ghníomhaíochtaí agus faoi thaithí phearsanta a tharla san am atá thart, atá ag tarlú faoi láthair nó a tharlóidh amach anseo, mar aon le téacsanna samhlaíocha a scríobh<br>1.21 foirmeacha atá ábhartha dá aoisghrúpa agus dá thaithí a chomhlánú<br>1.22 téacsanna a tháirgeadh agus a chur in eagar agus idirghníomhú le daoine eile ach teicneolaíochtaí digiteacha cuí a úsáid |

| | | |
|---|---|---|
| **Snáithe 2: Feasacht Teanga**<br>**Sa snáithe seo déanann *an scoláire* anailís ar an gcaoi a n-oibríonn an sprioctheanga, déanann sé comparáid idir na teangacha atá aige (Béarla, Gaeilge agus/nó máthairtheanga) agus déanann sé machnamh ar a straitéisí foghlama teanga féin.** | | |
| Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn an sprioctheanga | An sprioctheanga a chur i gcomparáid le teangacha eile atá ar eolas aige | Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn sé teangacha |
| 2.1 patrúin teanga amhail ord na bhfocal, an córas briathra, ainmfhocail, aidiachtaí agus gnásanna litrithe agus poncaíochta | 2.4 cosúlachtaí agus difríochtaí a shainaithint idir fuaimniú, tuin chainte agus rithim na sprioctheanga agus fuaimniú, tuin | 2.6 a straitéisí roghnaithe foghlama teanga a shainaithint, a chomhroinnt agus a mhíniú |

| | | |
|---|---|---|
| a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu agus iad a úsáid<br><br>2.2 an fhoghlaim teanga ar fad a chur i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha, amhail dánta simplí, póstaeir, cur i láthair, cluichí agus drámaíocht a tháirgeadh<br><br>2.3 an chaoi a dtéann gnásanna inscne agus sóisialta i bhfeidhm ar úsáid na sprioctheanga a aithint | chainte agus rithim teangacha eile atá aige<br><br>2.5 comparáid a dhéanamh idir gramadach agus stór focal na sprioctheanga agus iad sin i dteangacha eile atá aige, agus naisc agus idirdhealuithe á ndéanamh de réir mar is cuí | 2.7 monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar a fhoghlaim féin ach úsáid a bhaint as aiseolas a fhaigheann sé chun machnamh a dhéanamh ar ar gá dó a dhéanamh chun feabhas a chur air agus spriocanna a leagan síos le haghaidh feabhais |

## **Céim 2: Gníomhaíochtaí agus Tascanna a Chruthú** (20 nóim)




- Cruthaigh gníomhaíocht nó tasc chun leas a bhaint as an téacs seo do ghrúpa sa 1ú Bhliain.
- B'fhéidir gur mhaith leat ceann de na huirlisí digiteacha seo a úsáid.
- Roinn ar Padlet!

StoryBoardThat | Adobe Spark | Lyricstraining

Notaí:

## Sos Lóin 13:00 - 14:00



Bon Appétit!

Guten Appetit!

Buon appetito!

¡Buen provecho!





## Session 3

*Rannphháirtíocht na Scoláirí: Téacsanna á gCruthú*

### Leagan Amach an tSeisiúin

**14:00 go 14:20** – Ócáid Chomhroinnte (Grúpa Iomlán)

**14:20 go 14:50** - Téacs a Chruthú (Grúpa Iomlán)

**14:50 go 15:00** – Cuir do Gníomhaíocht i láthair

**15:00 go 15.20** – Machnamh a dhéanamh ar Fhoghlaim agus Plé a dhéanamh ar na Chéad Chéimeanna Eile (Roinn NTI)

**15.20 go 15.30** – Clabhsúr

### Fáilte ar ais

### Ócáid Chomhroinnte (14:00 go 14:20 - Grúpa Iomlán)

- Comhroinn gníomhaíocht nó tasc a phléigh tú le do ghrúpa.
- Comhroinn uirlisí digiteacha a d’úsáid tú chun tacú leat sa chomhthéacs reatha.

### Téacs a Chruthú: trí Mheán na scoláirí 3ú Bliain




*I ndiaidh duit dul i ngleic le raon téacsanna i rith an lae, cuir gnéithe de scéal le chéile agus an straitéis 5Cnna (Cé, Cad é ...) in úsáid chun téacs samhlaíoch a chruthú.*

Cur Síos ar an tasc:

- Oibrígí mar ghrúpa chun scéal simplí a chruthú (ó bhéal, scríofa nó closamhairc) do bhur gcomhghleacaithe
- Pléigí na freagraí ar na 5 C a bhailigh sibh i rith an lae chun bhur dtéacs a thógáil
- Bainigí úsáid as focail agus as abairtí ó na téacsanna a léigh sibh ar maidin chun cabhrú libh le bhur scéal
- Bainigí úsáid as bhur rogha meáin chun bhur scéal a chur i láthair an ghrúpa
- Pléigí na critéir ratha le bhur ngrúpa.

## **Téacs a Chruthú** (14:20 go 14:50 - Seomra Ar an Imeall)




Sa Seomra Ar an Imeall...

- Socraígí róil don ghrúpa (maor ama agus, duine éigin chun an téacs a phostáil chuig Padlet).
- Leanaigí na leideanna thíos.

Cur Síos ar an tasc:

- Oibrígí mar ghrúpa chun scéal simplí a chruthú (ó bhéal, scríofa nó closamhairc) do bhur gcomhghleacaithe
- Pléigí na freagraí ar na 5 C a bhailigh sibh i rith an lae chun bhur dtéacs a thógáil
- Bainigí úsáid as focail agus as abairtí ó na téacsanna a léigh sibh ar maidin chun cabhrú libh le bhur scéal
- Bainigí úsáid as bhur rogha meáin chun bhur scéal a chur i láthair an ghrúpa
- Pléigí na critéir ratha le bhur ngrúpa.







## **Cuir do Théacs i láthair** (Grúpa Iomlán)

Postáil do théacs ar Padlet!

Déan machnamh ar an ghníomhaíocht *Mar ghrúpa*

## **Machnamh a dhéanamh ar Fhoghlaim agus Plé a dhéanamh ar na Chéad Chéimeanna Eile** (Roinn NTI)(15:00 go 15:20 – Seomra Ar an Imeall)




Sa Seomra Ar an Imeall...

- Socraígí róil don ghrúpa (urlabhraí agus maor ama).
- Lean an leid thíos.

I d'aonar, déan machnamh ar do chuid foghlama inniu agus roinn conas is féidir leis seo bun eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile a thógfaidh sibh mar roinn NTI.

**Clabhsúr agus Aiseolas** (15:20 go 15:30 – Grúpa Iomlán)

Comhlánaigh an fhoirm aiseolais ar líne.

Aiseolas

*Go raibh maith agat!*

*Le haghaidh tuilleadh tacaíochta: www.jct.ie*

*info@jct.ie*

*@jctMFL*